

Ceistiú Éifeachtach agus Filíocht na hArdteistiméireachta

Is féidir an cháipéis seo a úsáid leis na daltaí a chumasú maidir le ceisteanna ísealoird agus ardoird a chur.

Tá sé i gceist againn go gcabhróidh seo na leibhéil éagsúla i dTacsanomaíocht Bloom a chlúdach sa rang.

Treoracha:

Leagan a hAon:

- Tá ainm na ndánta ar barr na gcolún agus ráistis a bhaineann le gach dán sa cholún faoina bhun.
- Roinntear an rang i ngrúpaí le hurlabhraí. Bíonn ar an ngrúpa ceist a chumadh do gach ráiteas/freagra. Bíonn ar an úrlabhraí an freagra a thabhairt.
- Bíonn méid áirithe pointí ag dul le gach ráiteas agus dáiltear na pointí má chuirtear ceist chuí.
- Dáiltear na pointí mar seo a leanas: 10 Eolas, 20 Tuiscint, 30 Cur i bhfeidhm, 40 Anailís, 50 Sintéis, 60 Meastóireacht (*Bunaithe ar Thacsanomaíocht Bloom*)

Leagan a Dó:

- Is féidir líon na bpointí a thaispeáint do na scoláirí ar dtús. Nuair a roghnaítear líon na bpointí taispeántar an ráiteas agus ansin bíonn ar an ngrúpa ceist a chumadh.

Leagan a Trí:

- Is féidir an tasc a shimpliú trí na ráitis a thaispeáint do na scoláirí/ grúpaí agus méid ama a thabhairt dóibh ceisteanna a chumadh.

Ceistiú Éifeachtach - Greille na bPointí

An t-Earrach Thiar	Colscaradh	Géibheann	Mo Ghrá-sa	An Spailpín Fánach
10	10	10	10	10
20	20	20	20	20
30	30	30	30	30
40	40	40	40	40
50	50	50	50	50
60	60	60	60	60

Ceistiú Éifeachtach - Freagraí

An t-Earrach Thiar	Colscaradh	Géibheann	Mo Ghrá-sa	An Spailpín Fánach
Mairtín Ó Direáin	Pádraig Mac Suibhne	Caitlín Maude	Nuala Ní Dhomhnaill	Ní fios cé a chum
Cois trá	Theastaigh ...	Sna tíortha teo	Ag tabhairt an fhéir	Go luath ar maidin
Rugadh agus tógadh an file ann agus tá cuimhní deasa aige .	Ba léir nach raibh siad sásta lena chéile mar sin bhí sé ciallmhar go scarfaidís óna chéile.	Bhí an t-ainmhí cumhachtach ann agus bhí saoirse agus ról tábhachtach ag an leon ann.	Is léir gur duine ar Leith é agus go bhfuil croí mór ann agus go bhfuil sé smaointeach.	Cé go bhfuil an file ag fulaingt is léir go bhfuil sé fós láidir agus diongbháilte go mbeidh saol níos fearr aige.
Is fearr liom an íomhá de gach duine le chéile ar an trá.	Is íomhá sínte cumhachtach é an dán ar fad mar leirítear an chodarsnacht idir an bheirt go soiléir.	Chuaigh an íomhá den leon éadóchasach sa zú i bhfeidhm orm mar tá an uaigneas agus an frustrachas soiléir.	Chuaigh an íomhá den fhear ag beathú an fhile le caora finíúna i bhfeidhm orm mar léiríonn sé an splanc idir an bheirt go soiléir.	Chuaigh an íomhá de na fir ag an margadh híreála i bhfeidhm orm mar bhí éadóchas agus bród an spailpín le tuiscint.
Is íomhánna moltacha iad agus léiríonn siad an áit speisialta atá ag an oileán i gcroí an fhile.	Is íomhánna traidisiúnta iad agus léiríonn siad go bhfuil an fear ag iarraidh bean traidisiúnta	Is íomhánna cumhachta iad agus léiríonn siad an t-easnamh go láidir i gcroí an fhile.	Is íomhánna seanchaite iad agus léiríonn siad magadh agus tuiscint ar an ngreann.	Meadaracht an amhráin a úsáideann an file sa dán seo
Tá sé maoithneach. Ní luann sé ach rudaí deasa. Tacaíonn na dathanna láidre (bán, dearg agus órga) agus na híomhánna leis an tuairim sin.	Creidim go bhfuil dearcadh traidisiúnta ag an bhfile agus go bhfuil bá aige do chás an fhir. Tá sé soiléir ó fhriotail agus leagan amach an dáin.	Tá spiorad an leoin briste. Is léir go bhfuil éadóchas air agus go mbraitheann sé uaidh an tsaoirse agus an chumhacht a bhí aige sa dufair.	Tá sí macánta. Luann sí lochtanna a grá ach ar bhealach magúil a léiríonn go nglacann sí leis na lochtanna seo toisc go bhfuil suáilcí eile aige.	Léirítear spiorad láidir an spailpín agus mar sin tuigtear uaidhnach mbeidh sé sásta go dtí go saorfar an tír. Is léir mar sin go gcreideann an file go bhfuil todhchaí geal ann d’Éirinn.

Ceisteanna Samplacha

An t-Earrach Thiar	Colscaradh	Géibheann	Mo Ghrá-sa	An Spailpín Fánach
Cé a chum an dán seo?	Cé a chum an dán seo?	Cé a chum an dán seo?	Cé a chum an dán seo?	Cé a chum an dán seo?
Abair ar bhealach eile ‘cois cladaigh’	Abair ar bhealach eile ‘shantaigh’	Abair ar bhealach eile ‘sna teochreasa’	Abair ar bhealach eile ‘ocht dtroigh síos’	Abair ar bhealach eile ‘go moch ar maidin’
Roghnaigh íomhá a chuaigh i bhfeidhm ort.	Roghnaigh íomhá a chuaigh i bhfeidhm ort	Roghnaigh íomhá a chuaigh i bhfeidhm ort	Roghnaigh íomhá a chuaigh i bhfeidhm ort	Roghnaigh íomhá a chuaigh i bhfeidhm ort
Cén fáth a gceapann tú go molann an file an t-oileán?	Cén fáth a gceapann tú go molann an file rogha an lánúin ?	Cén fáth a gceapann tú go molann an file áilleacht na foraoise?	Cén fáth a gceapann tú go molann an file a grá?	Cén fáth a gceapann tú go molann an file spiorad an spailpín?
Cén tábhacht a bhaineann leis na híomhánna sa dán?	Cén tábhacht a bhaineann leis na híomhánna sa dán?	Cén tábhacht a bhaineann leis na híomhánna sa dán?	Cén tábhacht a bhaineann leis na dathanna sa dán?	Cén cineáil meadrachta a úsáideann an file sa dán?
Déan measúnú ar dhearcadh an fhile i dtaobh an oileáin.	Déan measúnú ar dhearcadh an fhile i dtaobh an fhir.	Déan measúnú ar dhearcadh an ainmhí i dtaobh an zú.	Déan measúnú ar dhearcadh an fhile i dtaobh an fhir.	Déan measúnú ar dhearcadh an fhile i dtaobh todhchaí na tíre.

Filíocht na hArdteistiméireacht - Ceistiú Éifeachtach

Déan taighde ar na dánta agus cum ráitis le cur sa ghreille

An t-Earrach Thiar	Colscaradh	Géibheann	Mo Ghrá-sa	An Spailpín Fánach
(Eolas)				
(Tuiscint)				
(Cur i bhfeidhm)				
(Anailís)				
(Sintéis)				
(Measúnú)				